



An Bhruiséil, 7 Samhain 2025
(OR. en)

10526/1/25
REV 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0176 (COD)

SIMPL 57
ANTICI 65
INDEF 62
MAP 20
CSC 308
ENV 567
COMPET 582
ENT 106
MI 422
CHIMIE 53
CODEC 852
EDA

TOGRA

Uimh. an doic. ón gCoim.: COM(2025) 822 final/2

Ábhar: Togra le haghaidh
RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1907/2006, (CE)
Uimh. 1272/2008, (AE) Uimh. 528/2012, (AE) 2019/1021 agus (AE)
2021/697 a mhéid a bhaineann le hullmhacht cosanta agus lena n-
éascaítear infheistíochtaí cosanta agus coinníollacha le haghaidh an
tionscail cosanta

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 822 final/2.

Faoi iamh: COM(2025) 822 final/2



AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 17.6.2025
COM(2025) 822 final/2

2025/0176 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1907/2006, (CE) Uimh. 1272/2008, (AE) Uimh. 528/2012, (AE) 2019/1021 agus (AE) 2021/697 a mhéid a bhaineann le hullmhacht cosanta agus lena n-éascaítear infheistíochtaí cosanta agus coinníollacha le haghaidh an tionscail cosanta

{SWD(2025) 820 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Le hionradh na Rúise ar an Úcráin, leagadh béim ar an ngéarghá atá le cumas Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (BTTCE) a neartú chun tacú le hullmhacht cosanta na mBallstát i bhfianaise bagairtí slándála atá ag teacht chun cinn. Mar gheall ar an gcoinbhleacht leanúnach, tá leochailteachtaí i dtimpeallacht cosanta na hEorpa tagtha chun solais, rud a léiríonn a thábhachtaí atá sé borradh a chur faoi acmhainneacht táirgeachta BTTCE gan mhoill agus leas a bhaint as a acmhainneacht nuálaíochta iomlán go háirithe trí dhlús a chur le timthriallta nuálaíochta.

Mar a chuirtear i dtábhacht sa Pháipéar Bán Comhpháirteach maidir le hullmhacht Cosanta na hEorpa 2030¹, *‘chun cosaint na hEorpa a atógáil, is gá infheistíocht ollmhór a dhéanamh thar thréimhse leanúnach. Le chéile, ní mór dúinn dlús a chur leis an obair ar gach snáithe chun dlús a chur go práinneach le hullmhacht cosanta na hEorpa chun a áirithiú go mbeidh seasamh cosanta láidir leordhóthanach ag an Eoraip faoi 2030 ar a dhéanaí’.*

I bhfianaise an mhéid thuas, agus tar éis don Chomhairle a iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach dlús a chur leis an obair ar gach snáithe chun dlús cinntitheach a chur le hullmhacht Cosanta na hEorpa 2030, is é is aidhm don togra seo creat reachtach an Aontais a dhéanamh fabhrach d’acmhainneachtaí cosanta tionsclaíocha a uas-scálú go pras agus an nuálaíocht a neartú chun leibhéil ullmhachta cosanta a bhaint amach lenar féidir aon riosca ionsaithe armtha a dhíspreagadh ar bhealach inchreidte.

Déantar breithniú sa togra ar na bearnaí móra infheistíochta i réimse na cosanta atá tagtha chun cinn le blianta beaga anuas, ar bearnaí iad a dteastaíonn iarrachtaí urghnácha chun ullmhacht cosanta a athbhunú faoi 2030 chun iad a dhúnadh. Meastar ann freisin nach bhfuil an creat rialála atá ann faoi láthair curtha in oiriúint don riachtanas sin agus nach mór é a chur in oiriúint chun cuspóir 2030 maidir le hullmhacht cosanta a bhaint amach.

Go sonrach, is é atá i gceist leis an togra seo ón gCoimisiún na forálacha atá ann cheana sa reachtaíocht a bhaineann go sonrach le cosaint agus sa Chiste Eorpach Cosanta, mar aon le forálacha sa reachtaíocht nach mbaineann go sonrach le cosaint, a leathnú chun deireadh a chur le bacainní rialála agus ullmhacht cosanta an Aontais agus méadú tionsclaíoch a éascú.

• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Maidir leis an reachtaíocht uile a ndéantar difear di leis an togra seo, tá forálacha inti arb é is aidhm dóibh an t-ualach ar na Ballstáit agus ar an tionscal a laghdú nó cúnamh a thabhairt dóibh na hoibleagáidí a fhorchuirtear orthu trí na gníomhartha ábhartha a chomhlíonadh, ionas gur fusa an reachtaíocht sin a chur i bhfeidhm agus nach mbeidh ualach chomh mór sin ag baint léi. Meastar gur gá na forálacha a leathnú chuig an margadh cosanta ar fud an Aontais chun tacú le hullmhacht cosanta na mBallstát agus forbairt tionscail cosanta Eorpaigh atá iomaíoch agus nuálach a chothú.

¹ Páipéar Bán Comhpháirteach maidir le hullmhacht Cosanta na hEorpa 2030: JOIN(2025)120 críochnaitheach, 19.03.2025.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Na bearta atá beartaithe chun margadh cosanta na hEorpa a neartú, tá siad ceaptha chun cur leis na forálacha beartais atá ann cheana, agus é d'aidhm acu cumais chosanta na hEorpa a fheabhsú agus tacú le hullmhacht cosanta na mBallstát.

Faoin gClár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT), áirithíonn an Coimisiún go bhfuil a reachtaíocht oiriúnach dá feidhm, go bhfuil sí dírithe ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara agus go n-íoslaghdaíonn sí ualaí agus a cuspóirí á mbaint amach an tráth céanna. Dá bhrí sin, is cuid de chlár REFIT é an togra seo, lena laghdaítear ualaí nach bhfuil gá leo don earnáil cosanta, trí iad a ailíniú leis na rialacha is infheidhme faoi láthair maidir leis na nósanna imeachta agus na scéimeanna éagsúla.

Leis an togra seo, díreáir ar riachtanais iarbhír na staide reatha i dtaca le hullmhacht cosanta, rud a fhágann go mbeidh baint amach chuspóirí na reachtaíochta níos éifeachtúla agus go mbeidh ualach níos lú ar fhiontair agus ar údarais phoiblí.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Leasaítear Rialacháin de chuid an Aontais atá ann cheana leis an togra. Dá bhrí sin, is ionann bunús dlí an togra agus bunús dlí na rialachán leasaithe. Sa mhéid go leasaítear Rialachán (CE) 1907/2006, Rialachán (CE) 1272/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 leis an Rialachán seo, is é Airteagal 114 CFAE an bunús dlí iomchuí, a mhéid a bhaineann leis na leasuithe sin. Sa mhéid go leasaítear Rialachán (AE) 2019/1021 leis an Rialachán seo, is é Airteagal 192(1) CFAE an bunús dlí iomchuí, a mhéid a bhaineann leis na leasuithe sin. Sa mhéid go leasaítear Rialachán (AE) 2021/697 leis an Rialachán seo, is iad Airteagal 173(3), Airteagal 182(4), Airteagal 183 agus an dara mír d'Airteagal 188 an bunús dlí iomchuí, a mhéid a bhaineann leis na leasuithe sin.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Dá bhrí sin, na hoibleagáidí, na díolúintí nó na maoluithe a fhorchuirtear go díreach agus go hindíreach le dlí an Aontais, ní féidir iad a leasú ach ar leibhéal an Aontais. Tairbheoidh na Ballstáit, an tionscal agus an Coimisiún de na hathruithe atá beartaithe agus é mar chuspóir acu ullmhacht cosanta agus simpliú a áirithiú.

- **Comhréireacht**

Trí fhorálacha a leathnú nó díolúintí sonracha a thabhairt isteach i reachtaíocht éagsúil de chuid an Aontais chun réimse na cosanta a chumhdach, simplítear an creat dlíthiúil trí athruithe íosta a thabhairt isteach ar na hoibleagáidí atá ann cheana chun na riachtanais atá ag na Ballstáit maidir le hullmhacht cosanta a shoiléiriú agus a shonrú ionas go dtabharfar an chóir chéanna feasta do réimse na cosanta agus a thugtar do réimsí eile a ndírítear orthu sna forálacha sin, agus na coimircí iomchuí i bhfeidhm i gcónaí. Dá bhrí sin, tá an togra teoranta do na hathruithe sin is gá chun a áirithiú go dtairbheoidh ullmhacht cosanta den chreat dlíthiúil céanna i limistéir éagsúla an Aontais.

Ní théann na bearta thar a bhfuil riachtanach chun na spriocanna sin a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Tá forálacha sna píosaí reachtaíochta sin lena gcuirtear san áireamh staid agus riachtanais mhéadaitheacha na hearnála cosanta agus áirithítear leo nach gcuirfear ualach nach bhfuil gá leis ar phróisis ullmhachta cosanta, táirgthe agus slabhra soláthair mar gheall ar na ceanglais. Is é is aidhm don togra seo a fhágáil sa deireadh gur fusa an reachtaíocht sin a chur i bhfeidhm agus nach mbeidh ualach chomh mór sin ag baint léi.

Dá bhrí sin, ar mhaithe le héifeachtúlacht, is cosúil gurb é an réiteach is oiriúnaí togra comhpháirteach a thabhairt isteach le haghaidh na bhforálacha ábhartha éagsúla is infheidhme maidir le cosaint i bhfoirm an togra *Omnibus* maidir le hUllmhacht Cosanta. Go sonrach, tá údar maith le Rialachán a roghnú don togra seo mar gheall ar an ngá atá ann an ionstraim dlí chéanna a úsáid leis na gníomhartha dlí atá le leasú.

Ní bhaineann na leasuithe spriocdhírithe ach le heilimintí is infheidhme a leathnófar anois chun críoch cosanta agus, dá bhrí sin, tá siad oiriúnach lena gcur san áireamh in aon togra amháin.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Bhí an próiseas comhairliúcháin le páirtithe leasmhara cuimsitheach, próiseas ina raibh suirbhé poiblí a bhí ar oscailt go dtí an 22 Aibreán 2025, chomh maith le sraith cruinnithe spriocdhírithe leis na Ballstáit, le hionadaithe gnó ábhartha ón Aontas agus le príomhpháirtithe leasmhara eile. Go sonrach, de bhreis ar chomhairliúchán poiblí oscailte i mí Aibreáin 2025 agus ar na comhairliúcháin fhorleathana i gcomhthéacs na meastóireachta eatramhaí ar an gCiste Eorpach Cosanta², bhailigh seirbhísí an Choimisiúin sonraí, fianaise agus moltaí ó na Ballstáit, ón tionscal agus ó pháirtithe leasmhara eile maidir le bacainní dlíthiúla, rialála agus riaracháin lena gcuirtear srian ar chumas thionscal cosanta na hEorpa an táirgeadh a uas-scálú le solúbthacht fheabhsaithe agus ullmhacht cosanta a bhaint amach faoi 2030. Cuirtear i láthair sa Togra Omnibus maidir le hUllmhacht Cosanta bearta láithreacha agus ceartaitheacha agus réitigh straitéiseacha fhadtéarmacha chun aghaidh a thabhairt ar na baic sin.

Rinne go leor páirtithe leasmhara, Ballstát agus gníomhaithe tionsclaíocha trácht ar rialacháin cheimiceacha, go háirithe an Rialachán maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH)³. Ba é an príomhábhar inní a bhí acu nár cuireadh breithnithe cosanta

² Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1092: IO L 170, 12.5.2021, lgh. 149-177.

³ Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún

agus slándála san áireamh ag céimeanna luatha sna próisis éagsúla, mar shampla, luaigh siad an plé leanúnach ar shubstaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile (PFASanna). I ndáil leis an bhféidearthacht go bhféadfadh na Ballstáit díolúintí náisiúnta ar mhaithe le cosaint (Airteagal 2(3) de REACH) a cheadú, mheas roinnt páirtithe leasmhara go raibh an fhéidearthacht sin rósriantach. Ina theannta sin, luadh freisin go raibh foclaíocht éagsúil ag baint leis na díolúintí cosanta i ngníomhartha éagsúla den reachtaíocht, rud a d'fhág go raibh easpa soiléireacht dhlíthiúil ann.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Sainaithníodh na bearta atá beartaithe trí athbhreithniú inmheánach ar an reachtaíocht atá ann cheana agus ar bhonn na taithí a fuarthas ó chur chun feidhme na reachtaíochta gaolmhaire. Ós rud é gur céim é sin i bpróiseas an mheasúnaithe leanúnaigh ar chumais ullmhachta cosanta a eascraíonn as reachtaíocht an Aontais, leanfar den ghrinnschrúdú ar ualach den sórt sin agus ar a thionchar ar pháirtithe leasmhara.

- **Measúnú tionchair**

Mar gheall ar chineál an togra, atá ceaptha chun tacú le tionscal cosanta na hEorpa a oiriúnú go tapa don timpeallacht gheopholaitiúil éagobhsaí nua, ní fhéadfaí aon mheasúnú tionchair a dhéanamh.

Ina theannta sin, sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 6 Márta 2025, d'iarr sí ar an gCoimisiún dlús a chur leis *'an obair ar gach snáithe chun dlús cinntitheach a chur le hullmhacht cosanta na hEorpa as seo go ceann 5 bliana'*. Thairis sin, sna conclúidí céanna, d'iarr an Chomhairle Eorpach go sainráite ar an gCoimisiún simpliú a dhéanamh go pras ina dhiaidh sin ar shlándáil agus cosaint.

Dá bhrí sin, níorbh fhéidir measúnú tionchair a chur ar fáil laistigh den tréimhse ama a bhí ar fáil chun an Simpliú maidir le hUllmhacht Cosanta a chur síos. Laistigh de 3 mhí tar éis ghlacadh an togra seo, tiolacfaidh an Coimisiún Doiciméad Inmheánach Oibre chun údar a thabhairt ar bhealach mionsonraithe leis an ngníomhaíocht reachtach AE sin agus míneoidh sé a iomchuí atá sé chun na cuspóirí beartais sainaitheanta a bhaint amach i gcomhréir leis na rialacha ábhartha maidir le Rialáil Níos Fearr.

Baineann an togra le hathruithe spriocdhírithe ar an reachtaíocht. Tá siad bunaithe ar thaithí a fuarthas ó reachtaíocht a chur chun feidhme. Foráiltear leis na hathruithe maidir le cur chun feidhme níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí. Mar gheall ar chineál spriocdhírithe na n-athruithe agus an easpa roghanna beartais ábhartha, ní gá measúnú tionchair a dhéanamh. Sa Teachtaireacht atá i gceangal leis seo, féachtar ar ghnéithe maidir le tionchar na mbeart sin, lena n-áirítear torthaí suirbhé phoiblí de chuid an Aontais a rinneadh sa chomhthéacs sin.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Is togra REFIT é seo arb é is aidhm dó reachtaíocht a shimpliú agus ualaí riaracháin ar pháirtithe leasmhara a laghdú.

- **Ceartha bunúsacha**

Neamhbhainteach

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Neamhbhainteach

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Maidir le Rialachán (AE) Uimh. 1907/2006:

Tugann an Coimisiún dá aire gur baineadh úsáid ar bhealach sriantach as an bhféidearthacht atá ann faoi láthair do na Ballstáit díolúintí a cheadú i gcásanna sonracha le haghaidh substaintí áirithe i gcás inar gá ar mhaithe le cosaint (Airteagal 2.3), ar bhealach nach gcomhfhreagraíonn do riachtanais thionscal na cosanta ábhar cosanta a fhorbairt, a tháirgeadh agus a chothabháil. Is é conclúid an Choimisiúin gurb é is cúis leis sin an díolúine a bheith teoranta do chásanna sonracha, chomh maith le léirmhíniú sriantach arna dhéanamh ag na Ballstáit, de réir an Chóid Iompair maidir le díolúintí cosanta REACH arna gcomhaontú ag na Ballstáit i gcomhthéacs na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint (GEC).

Dá bhrí sin, molann an Coimisiún Airteagal 2(3) den Rialachán maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú, agus Srianadh Ceimiceán a leasú ionas nach mbeidh sé infheidhme maidir le cásanna sonracha le haghaidh substaintí áirithe amháin.

Maidir le Rialachán (AE) Uimh. 1272/2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí ceimiceacha

Chun díolúine chomhleanúnach a áirithiú ar fud na reachtaíochta maidir le ceimiceáin, molann an Coimisiún gur cheart an díolúine chéanna le haghaidh réimse na cosanta a mholtar le haghaidh an leasaithe ar an Rialachán maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán a thabhairt isteach freisin i Rialachán (AE) Uimh. 1272/2008.

Maidir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 maidir le Táirgí Bithicídeacha

Chun díolúine chomhleanúnach a áirithiú ar fud na reachtaíochta ábhartha, molann an Coimisiún gur cheart an fhoclaíocht chomhchosúil a mholtar le haghaidh an leasaithe ar an Rialachán maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán a thabhairt isteach freisin i Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha.

Maidir le Rialachán (AE) Uimh. 2019/1021 maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha:

Le Rialachán (AE) 2019/1021, cuirtear chun feidhme Coinbhinsiún Stóicólm [ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha](#) agus an [Prótacal a ghabhann le Coinbhinsiún 1979 ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha](#). Ní féidir le páirtí díolúintí a dheonú nuair a ghlahtar cinneadh faoin gCoinbhinsiún [ceimiceán a liostú a liostú in Iarscríbhinn A, B nó C a ghabhann leis an gCoinbhinsiún seachas na díolúintí sin a dheonaítear faoin gCoinbhinsiún](#), ach amháin mura nglacann an Páirtí leis an liostú sin; dá bhrí sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar riachtanais ullmhachta cosanta i gcéimeanna ullmhúcháin an Aontais sula mbunófar toirmisc nó srianta ar an leibhéal idirnáisiúnta sa Choinbhinsiún; [ar an gcúis sin, tá sé tábhachtach go ndéanfar faisnéis ábhartha a bhailiú, a mheasúnú agus a chur isteach chun críoch chéim na meastóireachta ar bhainistiú riosca](#)

laistigh den phróiseas chun substaint a liostú laistigh den Choinbhinsiún, ós rud é gur ag an gcéim sin a fhéadfaidh an Coiste Athbhreithnithe Truailleán Orgánach Marthanach breithniú a dhéanamh ar dhíolúintí ó bhearta rialaithe a d'fhéadfaí a thabhairt isteach le haghaidh na substainte sin.

Ní féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh sé go mbeadh faisnéis a d'fhéadfadh a bheith íogair san fhaisnéis maidir le húsáid substaintí ceimiceacha. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún go bhféadfaidh na Ballstáit díolúintí a dheonú ó na ceanglais tuairiscithe atá leabaithe in Airteagal 13(1) de Rialachán (AE) 2019/1021 ar fhorais leasanna slándála náisiúnta nó leasanna slándála an Aontais a chosaint.

Maidir le Rialachán (AE) 2021/697 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta

Is é is aidhm do na hathruithe atá beartaithe a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2021/697:

- critéir dhámhachtana a shoiléiriú agus a shimpliú, agus an fhéideartacht a thabhairt isteach gan ach na critéir dhámhachtana is ábhartha a roghnú, agus CEC a chur chun feidhme trí chlár oibre bhliantúla nó ilbhliantúla;
- na rialacha is infheidhme maidir le dámhachtainí díreacha a shoiléiriú;
- úsáid na bainistíochta indíri a éascú;
- soláthar réamhthráchtála agus cearta rochtana na mBallstát is cómhaoinitheoirí ar thorthaí tionscadal forbartha a shimpliú;
- a fhágáil go mbeidh costais a bhaineann le gníomhaíochtaí tástála a dhéantar lasmuigh de chríoch an Aontais (e.g. san Úcráin) incháilithe do chistiú.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1907/2006, (CE) Uimh. 1272/2008, (AE) Uimh. 528/2012, (AE) 2019/1021 agus (AE) 2021/697 a mhéid a bhaineann le hullmhacht cosanta agus lena n-éascaítear infheistíochtaí cosanta agus coinníollacha le haghaidh an tionscail cosanta

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114, Airteagal 173(3), Airteagal 182(4), Airteagal 183, Airteagal 188, an dara mír, agus Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun infheistíochtaí ó na Ballstáit i réimse na cosanta a éascú, is gá deireadh a chur le hualaí rialála ar mhaithe le hullmhacht cosanta. Beidh an t-éascú sin ina thacú le fás an tionscail cosanta agus beidh sé ina rannchuidiú leis an tacaíocht le haghaidh ullmhacht cosanta na mBallstát.
- (2) Cé go soláthraítear le roinnt ionstraimí de reachtaíocht an Aontais an tsolúbthacht is gá do na Ballstáit chun gníomhaíochtaí a dhéanamh ionas gur fusa dlús a chur leis an tionscal cosanta, is minic a chuirtear bac ar ullmhacht cosanta leis an reachtaíocht náisiúnta agus le cur chun feidhme. Is amhlaidh atá, mar shampla, maidir leis an bhfeidearthacht do na Ballstáit díolúintí ó Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴ a úsáid i gcás inar gá ar mhaithe le cosaint, lena n-áirítear é sin a dhéanamh ar mhaithe le hullmhacht cosanta.
- (3) An creat dlíthiúil a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, ba cheart é a oiriúnú do chuspóir na hullmhachta cosanta. Tá gá le solúbthacht agus lúfaireacht chun leasanna slándála náisiúnta agus leasanna slándála an Aontais a choimirciú, rud atá ina léiriú ar an staid gheopholaitiúil atá ag dul in olcas. An tráth céanna, tá sé bunriachtanach ardleibhéal cosanta a choinneáil ar bun le haghaidh sláinte an duine agus an chomhshaoil. Tá tásca ann lena dtugtar le fios nach gcuirtear san áireamh go hiomlán i gcur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ar an leibhéal náisiúnta

⁴ Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoir 91/155/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/67/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/105/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lgh. 1–849, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/oj>).

i roinnt Ballstát an tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an Rialachán sin. Is féidir feabhas a chur ar an díolúine cosanta chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus chun gníomhaíochtaí níos tapúla a cheadú. Is iomchuí, dá bhrí sin, raon feidhme na ndíolúintí cosanta náisiúnta atá ann cheana a leathnú laistigh de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, agus an fhéidearthacht a thabhairt do na Ballstáit díolúintí níos leithne a údarú de réir mar is gá, agus an fhreagracht bhunúsach atá orthu a choinneáil ar bun an tráth céanna cothromaíocht a bhaint amach idir riachtanais chosanta agus slándála, ar thaobh amháin, agus cosaint na sláinte agus an chomhshaoil, ar an taobh eile.

- (4) Ba cheart athruithe comhchosúla a dhéanamh ar ghníomhartha dlí eile a bhaineann le ceimiceáin lena ndéantar foráil maidir le díolúine náisiúnta choibhéiseach, mar atá, Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵ agus Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶ chun timpeallacht rialála chomhleanúnach le haghaidh ullmhacht cosanta a áirithiú.
- (5) Le Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷, cuirtear chun feidhme Coinbhinsiún Stóicólm ar Thruailléáin Orgánacha Mharthanacha agus an Protocal a ghabhann le Coinbhinsiún 1979 ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin maidir le Thruailléáin Orgánacha Mharthanacha. Ní féidir le páirtí díolúintí a dheonú nuair a ghlactar cinneadh faoin gCoinbhinsiún ceimiceán a liostú a liostú in Iarscríbhinn A, B nó C a ghabhann leis an gCoinbhinsiún seachas na díolúintí sin a dheonaítear faoin gCoinbhinsiún, ach amháin mura nglacann an Páirtí leis an liostú sin; dá bhrí sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar riachtanais ullmhachta cosanta i gcéimeanna ullmhúcháin san Aontas sula mbunófar toirmisc nó srianta ar an leibhéal idirnáisiúnta sa Choinbhinsiún. Ar an gcúis sin, tá sé tábhachtach go ndéanfar faisnéis ábhartha a bhailiú, a mheasúnú agus a chur isteach chun críoch chéim na meastóireachta ar bhainistiú riosca laistigh den phróiseas chun substaint a liostú laistigh den Choinbhinsiún, ós rud é gur ag an gcéim sin a fhéadfaidh an Coiste Athbhreithnithe Thruailléáin Orgánach Marthanach breithniú a dhéanamh ar dhíolúintí ó bhearta rialaithe a d'fhéadfaí a thabhairt isteach le haghaidh na substainte sin.
- (6) Ní féidir a chur as an áireamh go bhfuil faisnéis íogair nach mór a chosaint san fhaisnéis maidir le húsáid substaintí ceimiceacha. Dá bhrí sin, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit, agus aird chuí á tabhairt acu ar an dlí idirnáisiúnta, díolúintí a dheonú ó na ceanglais tuairiscithe dá bhforáiltear in Airteagal 13(1) de Rialachán (AE) 2019/1021 ar fhorais leasanna cosanta agus slándála náisiúnta nó leasanna cosanta agus slándála an Aontais a chosaint, chun faisnéis íogair a chosaint.
- (7) Sa tuarascáil maidir leis an meastóireacht eatramhach ar an gCiste Eorpach Cosanta (CEC), a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

⁵ Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1; ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1272/oj>).

⁶ Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj>).

⁷ Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailléáin orgánacha mharthanacha (IO L 169, 25.6.2019, lch. 45, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1021/oj>).

gComhairle⁸, deimhníodh éifeachtacht agus ábharthacht fhoriomlán an chiste, agus cuirtear i dtábhacht inti an gá atá le nósanna imeachta a chuíchóiriú a thuilleadh agus ualaí riaracháin a laghdú i gcás inar féidir agus soiléiriú, simpliú agus solúbthacht a thabhairt isteach sa Rialachán sin chun cur chun feidhme CEC a éascú. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2021/697 a leasú, agus an taithí a fuarthas ó 2021 i leith mar aon leis an aiseolas a fuarthas le linn na gcomhairliúcháin a rinneadh i gcomhthéacs na meastóireachta eatramhaí ar CEC á gcur san áireamh.

- (8) Leis an gcreat dlíthiúil atá ann faoi láthair le haghaidh chur chun feidhme CEC, déantar úsáid na bainistíochta indíri a theorannú do chásanna eisceachtúla. Mar sin féin, chun timthriallta nuálaíochta níos tapúla agus níos barainní a éascú, rud a d'fhágfadh gur féidir freagairt ar bhealach níos éifeachtaí le CEC do riachtanais chosanta a thagann chun cinn agus do dhul chun cinn teicneolaíoch, agus an ciste sin a chur chun feidhme ar bhealach níos costéifeachtúla, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le húsáid níos solúbtha a bhaint as bainistíocht indíreach. Dá bhrí sin, is gá an fhéidearthacht a thabhairt isteach úsáid a bhaint as bainistíocht indíreach ar bhealach níos solúbtha agus, an tráth céanna, a áirithiú go gcoinneofar ar bun prionsabail na bainistíochta fóna airgeadais, na trédhearcachta agus na cuntasachta, agus go ndéanfar dianfhaireachán agus dianmheastóireacht ar úsáid na bainistíochta indíri chun a ráthú go mbainfear an úsáid is fearr as cistí an Aontais.
- (9) Leis an gceanglas go mbeidh an bonneagar, na saoráidí, na sócmhainní agus na hacmhainní uile a úsáidtear chun tionscadail arna gcistiú le CEC a chur chun feidhme lonnaithe laistigh den Aontas agus de chríoch tíortha comhlachaithe le bheith incháilithe do chistiú, cuirtear teorainn leis an bhféidearthacht go dtairbheodh Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí de dheiseanna tástála a mbaineann buntáistí uathúla leo. Chun aghaidh a thabhairt ar an teorannú sin, is gá a cheadú go mbeidh na costais a bhaineann le gníomhaíochtaí tástála a dhéanamh i dtríú tíortha, amhail an Úcráin, incháilithe do chistiú CEC. Trí thástálacha a dhéanamh san Úcráin, cruthaítear féidearthachtaí nach bhfuil ar fáil go héasca laistigh den Aontas, amhail torthaí atá ar fáil go tapa, tástáil 24 uair an chloig agus tástáil ar láthair an chatha, rud a d'fhéadfadh feabhas suntasach a chur ar fhorbairt agus ar bhailíochtú teicneolaíochtaí agus táirgí cosanta. Ina theannta sin, trí thástálacha a dhéanamh san Úcráin, b'fhusa a bheadh sé taithí bheo ar chogaíocht nua-aimseartha a chur san áireamh agus teicneolaíochtaí agus táirgí cosanta á bhforbairt a thuilleadh agus, ar an gcaoi sin, d'áiritheofaí buntáiste teicniúil agus straitéiseach le haghaidh Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí. Trí chead a thabhairt costais na ngníomhaíochtaí tástála a dhéantar lasmuigh de chríoch an Aontais a bheith incháilithe do chistiú, bheifí in ann tacú le forbairt réiteach cosanta níos éifeachtaí agus níos nuálaí le CEC, rud a bheadh ina rannchuidiú sa deireadh le feabhas a chur ar chumais chosanta an Aontais.
- (10) Léiríodh sa mheastóireacht eatramhach ar CEC go bhfuil na critéir dhámhachtana atá ann faoi láthair chun meastóireacht a dhéanamh ar thograí faoin gCiste sin róchasta, doiléir, agus go bhfuil sé deacair iad a chur i bhfeidhm sa chleachtas. Mar thoradh air sin, tá ualaí riaracháin agus éiginnteachtaí neamhriachtanacha ann don Choimisiún agus do na hiarratasóirí, rud a chuireann bac ar chur chun feidhme éifeachtúil CEC sa deireadh. Is gá na critéir dhámhachtana a shimpliú agus níos mó solúbthachta a

⁸

Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 149, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/697/oj>).

thabhairt isteach maidir lena gcur i bhfeidhm chun an mheastóireacht a dhéanamh níos éifeachtúla, níos trédhearcaí agus níos éifeachtaí. Leis an bhfeidearthacht fothacar ábhartha de chritéir dhámhachtana a roghnú de réir chuspóirí sonracha na nglanna ar thograí, d'fhéadfaí meastóireacht shaincheaptha spriocdhírthe a dhéanamh, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí ailíniú níos fearr a bhaint amach le tosaíochtaí agus cuspóirí CEC.

- (11) Tá bac á chur ar chur chun feidhme CEC mar gheall ar an gceanglas cláir oibre bhliantúla a ghlacadh, ar ceanglas é as a n-eascraíonn nósanna imeachta casta, rud a fhágann go bhfuil sé dúshlánach intuarthacht agus leanúnachas na ngníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CEC a áirithiú. Chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin agus níos mó solúbthachta a sholáthar maidir le bainistiú CEC, is gá an fhéidearthacht a thabhairt isteach CEC a chur chun feidhme trí chláir oibre bhliantúla nó ilbhliantúla. Chuirfeadh sé sin ar a chumas don Choimisiún an tacaíocht le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus forbartha i réimse na cosanta a phleanáil agus a chomhordú ar bhealach níos fearr agus, an tráth céanna, d'fhéadfaí úsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní agus sineirgí feabhsaithe idir tionscadail agus tionscnaimh éagsúla. Trí chláir oibre ilbhliantúla a cheadú, bheifí in ann tacú níos fearr le tionscadail fhadtéarmacha taighde agus forbartha leis an gCiste, comhar i measc páirtithe leasmhara a chothú, agus rannchuidiú sa deireadh le feabhas a chur ar chumais chosanta an Aontais.
- (12) Chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht CEC a fheabhsú a thuilleadh, tá sé fíor-riachtanach an tsolúbthacht is gá a thabhairt don Choimisiún chun an clár a bhainistiú ar bhealach lena ndéantar úsáid acmhainní a bharrfheabhsú agus ualaí riaracháin a íoslághdú. Chuige sin, ba cheart na coinníollacha faoina bhféadfaí an Coimisiún dul ar iontaoibh dámhachtainí díreacha a shoiléiriú, agus nós imeachta níos cuíchóirithe agus níos brostaithe a cheadú in imthosca áirithe. Ba cheart leanúnachas na n-iarrachtaí agus cur chun feidhme éifeachtúil na dtionscadal taighde agus forbartha i réimse na cosanta a éascú, agus prionsabail na trédhearcachta, na cothroime agus na córa comhionainne á n-urramú an tráth céanna. Ba cheart é a chur ar a chumas don Choimisiún freagairt ar bhealach níos fearr do riachtanais athraitheacha na hearnála cosanta, ba cheart an comhar idir páirtithe leasmhara a chothú agus ba cheart forbairt réiteach cosanta atá nuálach agus éifeachtach a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin slándáil an Aontais agus cumais chosanta na mBallstát a fheabhsú.
- (13) LeCEC, d'fhéadfaí dlús a chur le forbairt teicneolaíochtaí agus réiteach cosanta nuálach trí sholáthar réamhthráchtála. Mar sin féin, an creat dlíthiúil atá ann faoi láthair, tá sé róchasta agus tá easpa soiléireachta ann maidir le coinníollacha le haghaidh soláthar réamhthráchtála faoi CEC, rud a chuireann bac ar a úsáid éifeachtach. Ní mór na coinníollacha le haghaidh soláthar réamhthráchtála a shimpliú agus a shoiléiriú, ós rud é, leis na forálacha atá ann faoi láthair, go gcuirtear chun cinn dámhachtain conarthaí iolracha laistigh den nós imeachta céanna (ilfhoinsiú), rud nach n-oireann i gcónaí don earnáil cosanta. Trí dheireadh a chur leis an srian sin, déanfar foráil maidir le creat soláthar réamhthráchtála níos soiléire agus níos éifeachtaí, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann tacú níos fearr le forbairt réiteach nuálach le CEC, an bhearna idir taighde agus cur in úsáid ar an margadh a dhúnadh, agus dreasacht láidir a thabhairt do na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh i dtaighde agus forbairt i réimse na cosanta.
- (14) Leis an gcreat dlíthiúil atá ann faoi láthair le haghaidh CEC, níor cuireadh cearta rochtana leordhóthanacha ar fáil do na Ballstáit ar thorthaí tionscadal forbartha, go háirithe i gcás na mBallstát sin a dhéanann na tionscadail sin a chómhaoiniú. Chun an

t-ábhar inní sin a mhaolú agus cur chuige níos comhoibríche i leith taighde agus forbairt i réimse na cosanta a chur chun cinn, is gá an ceart a dheonú do na Ballstáit a chómhaoiníonn na tionscadail rochtain ar fháil ar thorthaí tionscadal forbartha ar théarmaí cothroma. Ba cheart na coinníollacha maidir le feidhmiú na gceart rochtana sin a shainiú sa chaidreamh conarthach idir na faighteoirí agus na húdaráis náisiúnta a bhfuil an ghníomhaíocht á cómhaoiniú acu. Leis sin, déanfar an próiseas caibidlíochta idir na Ballstáit agus an tionscal a shimpliú agus laghdófar an t-am chun deonú, rud a chuirfidh chun cinn comhar níos cuíchóirithe sa taighde agus san fhorbairt i réimse na cosanta.

- (15) Chun na tairbhí a bhaineann leis na hathruithe ar Rialachán (AE) 2021/697 a uasmhéadú, ba cheart feidhm a bheith ag na leasuithe ar an Rialachán sin go cúlghabhálach. Cé nach féidir roinnt forálacha, amhail na forálacha sin a bhaineann leis na critéir dhámhachtana, a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach mar gheall ar a gcineál, le forálacha eile, amhail na forálacha sin a bhaineann le rátaí cistiúcháin nó tástáil lasmuigh de chríoch an Aontais, is féidir feabhas a chur ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht na dtionscadal arna gcistiú faoi CEC. Chun a áirithiú go gcaithfear cistí an Aontais ar an mbealach is éifeachtaí is féidir, ba cheart feidhme a bheith ag na forálacha sin ón 1 Eanáir 2025.
- (16) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin (CE) Uimh. 1907/2006, (CE) Uimh. 1272/2008, (AE) Uimh. 528/2012, (AE) Uimh. 2019/1021 agus (AE) 2021/697 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006

In Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad mhír 3:

‘3. Féadfaidh na Ballstáit díolúintí ón Rialachán seo a cheadú i gcás substaintí, ina n-aonar, i meascán nó in earra, i gcás inar gá sin ar mhaithe le cosaint.’

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008

In Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad mhír 4:

‘4. Féadfaidh na Ballstáit díolúintí ón Rialachán seo a cheadú i gcás meascáin substaintí, agus earraí dá dtagraítear i roinn 2.1 d’Iarscríbhinn I, i gcás inar gá sin ar mhaithe le cosaint.’;

Airteagal 3

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 528/2012

In Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad mhír 8:

‘8. Féadfaidh na Ballstáit díolúintí ón Rialachán seo a cheadú i gcás táirgí bithicídeacha áirithe, ina n-aonar nó in earra cóireáilte, i gcás inar gá sin ar mhaithe le cosaint.’;

Airteagal 4
Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 2019/1021

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/1021 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 2, cuirtear isteach an pointe (14) seo a leanas:

‘(14) ciallaíonn “ullmhacht cosanta” staid ullmhachta Ballstáit nó roinnt Ballstát chun freagairt do ghéarchéim a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (10) de Threoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, ar géarchéim í a bhaineann le cosaint’;

* Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse ag údarais chonarthaigh nó ag eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE (IO L 216, 20.8.2009, lch. 76, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/81/oj>).’;

- (2) in Airteagal 3, cuirtear isteach an mhír (4a) seo a leanas:

‘4a. Agus faisnéis á bailiú, á measúnú agus á cur isteach acu chun críoch na meastóireachta ar bhainistiú riosca dá dtagraítear in Airteagal 8(7) agus Airteagal 8(8) den Choinbhinsiún, déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit ullmhacht cosanta agus sainiúlachtaí na hearnála cosanta, lena n-áirítear tionchair ar shlabhraí soláthair táirgthe cosanta, a chur san áireamh go cuí;

- (3) in Airteagal 13(1) cuirtear isteach an dara fómhír seo a leanas:

‘I gcás inar gá, féadfaidh na Ballstáit díolúintí a dheonú ón airteagal seo ar fhorais leasanna náisiúnta agus cosanta a chosaint, chun faisnéis íogair a chosaint **ar choinníoll nach mbaintear an bonn de chomhlíontacht an Aontais nó na mBallstát, i gcás inarb ábhartha, lena n-oibleagáidí tuairiscithe faoin gCoinbhinsiún mar gheall ar na díolúintí sin**’.

Airteagal 5
Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/697

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/697 mar a leanas:

- (1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

- (a) cuirtear isteach an pointe (6a) seo a leanas:

‘(6a) ciallaíonn “FBManna trasteorann” FBManna atá bunaithe i mBallstáit nó i dtíortha comhlachaithe eile seachas na tíortha sin ina bhfuil na heintitis dhlíthiúla atá ag comhoibriú laistigh de chuibhreannas nach FBManna ná fiontair mheánchaipitlithe iad bunaithe;’;

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (17):

‘(17) ciallaíonn “soláthar réamhthráchtála” soláthar seirbhísí taighde agus forbartha a bhfuil baint acu le comhroinnt riosca-sochair faoi dhálaí margaidh ina bhfuil dealú soiléir idir na seirbhísí taighde agus forbartha a sholáthraítear ó úsáid cainníochtaí tráchtála na dtáirgí deiridh;’;

- (2) in Airteagal 4, cuirtear isteach an mhír 6 seo a leanas:

‘6. Féadfar na gealltanais bhuiséadacha a bhaineann leis an gClár agus lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí a mhairfidh breis agus bliain airgeadais amháin a mhiondealú thar roinnt blianta ina dtráthchodanna bliantúla.’;

(3) in Airteagal 8(2), scriostar an dara habairt.

(4) in Airteagal 9(2), cuirtear isteach an dara fomhír seo a leanas:

‘De mhaolú ar an gcéad fhomhír, bonneagair, saoráidí, sócmhainní agus acmhainní a úsáideann faighteoirí agus fochonraitheoirí atá rannpháirteach sa ghníomhaíocht chun táirge cosanta, comhpháirt inláimhsithe nó dholáimhsithe nó teicneolaíocht a thástáil, dá dtagraítear in Airteagal 10(3), pointe (f), féadfaidh siad a bheith lonnaithe nó féadfar iad a choinneáil lasmuigh de chríoch na mBallstát nó na dtíortha comhlachaithe, mar a shuítear sa chlár oibre. Ní sháróidh sé sin leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát agus beidh sé comhsheasmhach leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 agus comhlíonfaidh sé Airteagail 20 agus 23.’;

(5) in Airteagal 11(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘In imthosca áirithe cuí-réasúnaithe, féadfar cistiú ón Aontas a dheonú freisin gan glao ar thograí i gcomhréir le hAirteagal 198 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, lena n-áirítear i gcásanna dá bhforáiltear sa chéad fhomhír, pointe (e), den Airteagal sin.’;

* Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj>).’;

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

‘Airteagal 12

Critéir dhámhachtana

1. I gcomhréir le hAirteagal 203 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, déanfar measúnú ar gach togra ar bhonn ceann amháin nó níos mó de na critéir seo a leanas mar a leagtar amach sa chlár oibre:

- (a) rannchuidiú an togra le barr feabhais i réimse na cosanta, go háirithe trína léiriú go n-eascraíonn buntáistí suntasacha as torthaí na gníomhaíochta beartaithe a bhfuil coinne leo, ar buntáistí iad nach bhfuil ag táirgí ná teicneolaíochtaí cosanta atá ann cheana féin;
- (b) rannchuidiú an togra le nuálaíocht nó acmhainneacht suaite thionscal cosanta na hEorpa, go háirithe trína léiriú go n-áirítear leis an ngníomhaíocht bheartaithe coincheapa agus cineálacha cur chuige atá ceannródaíoch nó nuálach agus nár cuireadh i bhfeidhm cheana san earnáil cosanta;
- (c) rannchuidiú an togra le hiomaíochas Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí trí dheiseanna nua margaidh a chruthú ar fud an Aontais agus níos faide i gcéin agus dlús a chur le fás cuideachtaí ar fud an Aontais;
- (d) rannchuidiú an togra le spleáchas ar fhoinsí nach foinsí de chuid an Aontais iad a laghdú agus slándáil an tsoláthair a neartú;

- (e) rannchuidiú an togra leis an gcomhar trasteorann idir eintitis dhlíthiúla atá bunaithe i mBallstáit nó i dtíortha comhlachaithe, go háirithe le FBManna agus fiontair mheánchaipitlithe a chuireann leis an ngníomhaíocht ar bhealach substaintiúil, mar fhaighteoirí, mar fhochonraitheoirí atá rannpháirteach sa ghníomhaíocht nó mar eintitis dhlíthiúla eile sa slabhra soláthair;
 - (f) cáilíocht agus éifeachtúlacht chur chun feidhme na gníomhaíochta;
 - (g) rannchuidiú an togra le héifeachtúlacht a mhéadú thar shaolré táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta, lena n-áirítear cost-éifeachtúlacht agus an acmhainneacht le haghaidh sineirgí sna próisis soláthair, chothabhála agus diúscartha;
 - (h) rannchuidiú an togra le comhtháthú breise thionscal cosanta na hEorpa ar fud an Aontais, go háirithe maidir le húsáid chomhpháirteach, úinéireacht nó cothabháil an táirge deiridh nó na teicneolaíochta deiridh.
2. Leagfar síos sa chlár oibre mionsonraí maidir leis na nósanna imeachta roghnúcháin, agus cur i bhfeidhm na gcritéar dámhachtana a liostaítear i mír 1. Áireofar leis sin aon ualú ar na critéir, tairseacha scórála agus, i gcás inarb ábhartha, rialacha maidir le tograí *ex aequo* a láimhseáil, agus cuspóirí an ghlaio ar thograí á gcur san áireamh.’;
- (7) Leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:
- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, ní rachaidh an tacaíocht ón gCiste thar 20 % de na costais incháilithe le haghaidh na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 10(3), pointe (e), gan dochar do rátaí cistiúcháin níos airde a bhféadfadh feidhm a bheith acu i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo.’;
 - (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3, pointe (b):

‘(b) féadfaidh gníomhaíocht tairbhiú de ráta cistiúcháin méadaithe, dá dtagraítear sa phointe seo, i gcás ina ndéanfar 10 % ar a laghad de chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta a leithdháileadh ar FBManna atá bunaithe i mBallstáit nó i dtíortha comhlachaithe agus atá rannpháirteach sa ghníomhaíocht mar fhaighteoirí, mar fhochonraitheoirí nó mar eintitis dhlíthiúla eile sa slabhra soláthair.

Féadfar an ráta cistiúcháin a mhéadú i gcomhréir le pointí céatadán chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta a leithdháiltear ar FBManna atá bunaithe i mBallstáit nó i dtíortha comhlachaithe ina bhfuil faighteoirí nach FBManna ná fiontair mheánchaipitlithe iad bunaithe agus atá rannpháirteach sa ghníomhaíocht mar fhaighteoirí, mar fhochonraitheoirí nó mar eintitis dhlíthiúla eile sa slabhra soláthair, suas le 5 phointe céatadán breise.

Féadfar an ráta cistiúcháin a mhéadú, ar méadú é atá coibhéiseach le dhá oiread an chéatadán de chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta a leithdháiltear ar FBManna trasteorann mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (6a), atá rannpháirteach sa ghníomhaíocht mar fhaighteoirí, mar fhochonraitheoirí nó mar eintitis dhlíthiúla eile sa slabhra soláthair.’;
- (8) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
- ‘1. D’ainneoin Airteagal 201 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, ní fhíorófar ach acmhainn airgeadais comhordaitheora.’;

- (9) in Airteagal 17(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):
 ‘(b) féadfaidh siad, i gcásanna sonracha, dámhachtain conarthaí iolracha a údarú laistigh den nós imeachta céanna (ilfhoinsiú)’;
- (10) Scriostar Airteagal 22;
- (11) Leasaítear Airteagal 23 mar a leanas:
- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:
- ‘3. Leis an Rialachán seo, ní dhéanfar difear do lánrogha na mBallstát a mhéid a bhaineann lena mbeartas maidir le haistriú agus onnmhairiú táirgí a bhaineann le cosaint. A mhéid a bhaineann le haistrithe, féachfaidh na Ballstáit le húsáid a bhaint as ceadúnais aistriúcháin ghinearálta dá dtagraítear in Airteagal 5 de Threoir (CE) 2009/43 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* agus réamhchoinníollacha riaracháin díréireacha a sheachaint chun cur chun feidhme rianúil na ngníomhaíochtaí a áirithiú.
4. A mhéid a bhaineann le torthaí arna nginiúint ag faighteoirí trí ghníomhaíochtaí forbartha a dtacaíonn an Ciste leo, agus gan dochar do mhír 3 den Airteagal seo, tabharfar fógra don Choimisiún sula ndéanfar aon aistriú úinéireachta chuig tríú tír neamhchomhlachaithe nó chuig eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe, ar aistriú é a dhéantar laistigh de 3 bliana tar éis na híocaíochta deireanaí a bhaineann leis an ngníomhaíocht. Má sháraíonn aistriú úinéireachta den sórt sin leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus na mBallstát nó na cuspóirí mar a leagtar amach in Airteagal 3 iad, aisíocfar an tacaíocht ón gCiste a cuireadh ar fáil.’;
-
- * Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009, lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal (IO L 146, 10.6.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/43/oj>).’;
- (b) cuirtear isteach an mhír 6 seo a leanas:
- ‘6. Deonófar cearta rochtana ar thorthaí na ngníomhaíochtaí forbartha do na húdaráis náisiúnta a bhfuil an ghníomhaíocht á cómhaoiniú acu faoi choinníollacha córa réasúnacha a bheidh le comhaontú leis na faighteoirí a ghineann na torthaí sin.
- Déanfar téarmaí agus coinníollacha maidir le feidhmiú na gceart rochtana sin a shainiú sa chaidreamh conarthach idir na faighteoirí agus na húdaráis náisiúnta a bhfuil an ghníomhaíocht á cómhaoiniú acu.’;
- (12) in Airteagal 24, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
- ‘1. Cuirfear an Ciste chun feidhme trí bhíthin cláir oibre bhliantúla nó ilbhliantúla dá dtagraítear in Airteagal 110(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Leagfar amach leis na cláir oibre, i gcás inarb infheidhme, an méid foriomlán arna chur i leataobh le haghaidh oibríochtaí measctha.’.

Airteagal 6

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 9(2), an dara fomhír agus Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/697, arna leasú leis an Rialachán seo, beidh feidhm acu ón 1 Eanáir 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán